Páipéar Bán — Cairt an Ḃáis

An meallaḋ is mó ó ḃunreaċt 1922

Sílim naċ ḃfuil feiḋm ag duine ar biṫ mórán a rá fá dtaoḃ den ṗáipéar bán de ṫairḃe na Gaeltaċta de ar scor ar biṫ.

Measam go dtuigeann bunús léiṫeoirí AMÁRAĊ b'ḟéidir níos fearr ná dream eile sa tír, an meallaḋ ⁊ an dioma atá ann don Ġaeltaċt.

Nílim a' traċt olc maiṫ ná dona anseo ar na moltaí de ṫairḃe Aṫḃeoċaine na Gaeilge de. Fágaim sin ag daoine a níos cúram níos mó de. Sé ḃfuil i gceist agam anseo ná Slánú na Gaeltaċta ná fiú caoṁnú na Gaeltaċta.

Níl ceaċtar dóiḃ sin ins an Ṗáipéar Bán agus ní ċinneóiḋ an Ṗáipéar Bán fiú má cuirtear a ḃfuil de ṁoltaí ann i ḃfeiḋm go díograsaḋ agus go fuinniúil, ní ċinneóiḋ siad slánú na Gaeltaċta ná fiú caoṁnú na Gaeltaċta mar tá sí.

I bṖáipéar Bán de ġnáṫ bíonn muid ag súil le cuntas ar ceard tá ar intinn ag Rialtais nó ag údaraisí a ḋéanaṁ. Is maiṫ le Rialtas, aċ go h-áirid insint i gcaint an ġnáṫ duine a ṫaḃairt fá rudaí atá ar intinn acu a ċur isteaċ i reaċtaíoċt.

Sin an tuigḃeáil a ḃí ag bunaḋ na Gaeilge agus bunaḋ na Gaeltaċta go speisialta leis an Ṗáipéar Bán agus sin an faṫ gur ḟan siad foigḋeaċ le bliain anuas, ḟad agus ḃí tuarascail an Ċoimisiúin á scrúdú ag an Rialtas agus ag Ranna Rialtais. Ar feaḋ an ama sin ḃí Muintir na Gaeltaċta agus, deirfinn. an ċuid is mó de na daoine ar cás leo an Ġaeltaċt ag fanaċt go foigḋeaċ ar an aḃar gur ṡíl siad go mbeaḋ plean cinnte, déarfá, curṫa os a gcoṁair fán am seo a ċinnteóḋ Slánú na Gaeltaċt.

Agus le Slánú na Gaeltaċta níl aċ rud aṁáin in intinn an Ġaeilgeoira gGo príoṁḋa, sé sin, gléas beaṫa sa ḃaile ina ndúṫaí féin do ṗobal na Gaeltaċta agus don ċuid is moille de imirceoirí na Gaeltaċta, daoine, abair, atá faoi 25 ná 30 bliain d'aois, ar scor ar biṫ.

Sin an dóċas a ḃí againn agus sin an meallaḋ a baineaḋ asainn. Mar níl a ḋaṫ ar biṫ dá leiṫéid ins an Ṗáipéar Bán ar ċor ar biṫ.

Gan a ḋaṫ

Má scrúdaímid an Ṗáipéar Bán, Rannóg na Gaeltaċta de, fá ċoinne moltaí úra agus scéimeanna úra, níl ann aċ méadú ar ḋeontas na £5 go dtí £10 ⁊ aṫrú ar an 'dole' san dóiġ go mbeiḋ sé ceangailte feasta le luaċáil talaiṁ ins na gaḃaltaisí agus ní h-e le saoṫrú pearsanta rud a ċuireas deireaḋ leis an mion ḟiosrú pianaideaċ a ḃí ar siúl in uiḃeaċa, cearca agus géaċa, agus mar sin de. Sin rud a ḃí muid a iarraiḋ ceart go leor aċ arís is mion rud é agus is aisteaċ an rud naċ ḃfuil sé sin molta ins an Ṗáipéar Bán ċor ar biṫ, aċ go dtáinig sé amaċ trí lá indiaiḋ ḟoillsiú an Ṗáipéir Ḃáin agus indiaiḋ ráiteas Ṁuintir na Gaeltaċta a ḃeiṫ foillsiṫe agus an tráṫnóna céanna a dtáinig sé amaċ ḃí tuairisceoirí ó Scéala Éireann, páipéar nár ḟoillsiġ ráiteas Ṁuintir na Gaeltaċta ċor ar biṫ, ar an ṫuṫán le Uaċtarán Ṁuintir na Gaeltaċta ag iarraiḋ ráiteas faoi an scéal.

Taoḃ amuiġ den dá ṁion ṁolaḋ sin, agus maiṫ agus mar tá siad ,ní ṫig le duine ar biṫ a rá go ḃfuil a ḋaṫ ionta aċ mion ṁolaḋ, níl aon rud ins an Ṗáipéar Ḃán don Ġaeltaċt aċ leanstan den rud atá ar siúl ċeana féin.

Rún leasaiṫe

I gcás ċuid acu deirtear, mar ṡompla, go ndéanfaiḋ Gaeltarra Éireann obair níos fearr feasta. Is furast sin a ḋéanaṁ. Is furast níos fearr ná a ḋaṫ ar biṫ a ḋéanaṁ agus sin mar atá san Ġaeltaċt de ṫairḃe Ḃord Fáilte de. Taoḃ amuiġ de sin níl a ḋaṫ ins na leaṫannaí den Ṗáipéar Bán atá ag cur síos ar an Ġaeltaċt aċ apologia beag amaideaċ fá ċoinne na rudaí a ḃí ar siúl faoi ċoimirce an Rialtais. Ní ċuirfiḋ mise am amú ag cur síos ar caidé mar ċuaiġ na rudaí sin i ḃfeiḋm ná caidé an ṁaiṫeas a ḃí ionta de ṫairḃe na Gaeltaċta de. Ṫiocfaiḋ linn díospóireaċt a ḃeiṫ againn faoṫa, b'ḟéidir. Measann cuid againn faoṫa, b'ḟéidir. Measann cuid againn naċ ḃfuil ann aċ taoḃ aṁáin den scéal, aċ is cuma faoi sin. Is leor a rá go ḃfuil an Ġaeltaċt ag meaṫ, ag meaṫ go tubaisteaċ agus méadú meaṫa ó ḃliain go bliain ón am ar ṡuiġ Coimisiún na Gaeltaċta.

Gan éifeaċt

Ḃí na faoisiṁ agus na rudaí eile a ḃfuilṫear ag caint fá dtaoḃ daofa agus cosaint a ḋéanaṁ orṫa ins an Ṗáipéar Bán ar siúl ar feaḋ an ama sin. Níor stop siad meaṫ na Gaeltaċta ċan aṁáin slánú na Gaeltaċta a ċinntiú agus níl maiṫeas ar biṫ in cé biṫ méid molta, na cé biṫ méid leiṫscéal a ḋéantar faoṫa ins an Ṗáipéar Bán. Ní stopfaiḋ siad aon duine ar ḃád Ḋoire nó eiteallán ag an tSionainn san am atá le teaċt. Mar sin de measaim naċ mbeaḋ ann aċ cur amú ama ġaḃáil siar ar na moltaí ceann ar ċeann, rud a ḃeaḋ furast go leor le déanaṁ. Aċ sílim go gcaiṫfiḋ Gaeilgeoir ar biṫ a ṫuigeas an scéal agus atá dáiríriḃ agus ionraice leis féin agus lena ċoinsias a rá naċ ḃfuil a ḋaṫ ar biṫ ins an Ṗáipéar Bán a ḃearfaḋ slánú na Gaeltaċta ċun cinn nó a ċinnteóḋ go gcaoṁnófaí an méid atá fágṫa den Ġaeltaċt.

Buntaistí gan ḃrí

Tá an scéal níos measa ná sin. Níl sé ar intinn agam-sa tráċt ar an rún intinne atá ag duine ar biṫ, poiblí ná príoḃáideaċ. Ar an áḃar naċ eol do ḋuine ar biṫ againn caidé mar atá ar intinn ḋuine eile. Aċ ón léiriú atá tugṫa ins an Ṗáipéar Bán is is dóiliġ a rá caidé mar ṫiocfaḋ le duine cumasaċ, intileaċtúil, ábálta ar biṫ a rá go mbeaḋ sé mar ċuspóir ag daoine a ċum an Ṗáipéar Bán go slánófaí an Ġaeltaċt agus go mbeaḋ siad ciontaċ as a leiṫéid de Ṗáipéar a ċur le ċéile. Léirítear i mBéarla agus i nGaeilge frío na leaṫannaí seo na buntaistí, mar ḋeaḋ, atá le fáil ag an Ġaeltaċt agus ceart go leor i gcuid ṁór cásanna tá ó 10 p.c. go dtí 25 p.c. níos mó de ḋeontaisí toiṫe agus deontaisí talṁaíoċta agus a leiṫéidí sin le fáil ag an Ġaeltaċt, rud a ḃéarfaḋ le fios don ġnáṫ ḋuine agus don ġnáṫ Ḃéarlóir go ḃfuilṫear ag déanaṁ rud mór don Ġaeltaċt. Aċ ba ċóir go mbeaḋ ḟios ag an Rialtas, ba ċóir go mbeaḋ ḟios ar na h-ard Stáitṡeirḃísí, agus is cinnte go ḃfuil ḟios ag Aire na Gaeltaċta naċ ḃfuil gléas beaṫa le fáil ag duine ar biṫ i bṖaróiste Ġaoṫ Doḃair, cuir i gcás, nó i bṖaróiste Anagaire nó i gcuid ṁaiṫ de Ġaeltaċtaí beaga scaiṫe na Rosann ar ṫalṁaíoċt agus naċ ḃfuil ina gcuid deontaisí, bíoḋ siad méadaiṫe ná na bíoḋ, talṁaíoċt agus naċ ḃfuil ina gcuid deontaisí, bíoḋ siad méadaiṫe ná na bíoḋ, talṁaíoċt agus gaċ cineál eile, aċ déirce ná 'dole' a ḋéanfas faoiseaṁ ar anró aċ naċ dtaḃarfaí gléas beaṫa ċor ar biṫ.

Ṫáinig Aire na Gaeltaċta mar Aire Tailte amaċ go poiblí agus go cinnte déarfá leis an scéal ins an tSeanad tá tamall ó ṡoin nuair a dúirt sé, agus nuair a rinne sé aḃar magaiḋ de cléir agus tuaití a ḃí ag iarraiḋ pobal a ṫarraingt arais go dtí na ceanntair cúnga, agus dúirt an tAire gur beo ins an Spás Amuiġ a ḃí na daoine seo má ṁeas siad go dtiocfaḋ le daoine óga ar biṫ ḃeiṫ sásta ḃeiṫ beo ar ġaḃaltaisí de luaċáil £3 no £4 nuair a ṫiocfaḋ leo ġaḃáil ċuig tuarastáil ná páiġe £25 ná £30 sa tseaċtain taoḃ ṫall den uisce.

Ní feirmeaċa iad

Ḃí an ḟírinne ag an Aire san méid adúirt sé agus tátar ag fágáil feirmeaċa measarṫa móra frío Liatroim agus Roscomáin agus ar fud na Gaillime agus Muiġeo, áit a ḃfuil b'ḟéidir deiċ nó cúig déag acra talaiṁ measċaiṫe ná cúig ná seaċt n-acra talaiṁ cúraíoċta agus deiċ ná fiċe acra de ṫalaṁ fo-imealaċ. Tá feirmeaċa mar sin ina luí bán agus ní ṫiocfaiḋ daoine atá ábálta £25 a ṡaoṫrú ṫall arais ċucu.

Aċ tá ḟios ag an Aire céanna go rí ṁaiṫ gur feirmeoir mór a ḃeaḋ san duine a mbeaḋ luaċáil £4 ná £5 air ins an Ġaeltaċt agus gur luaċáil £2 ná £1 an rud is coitianta frío an ċuid is mó de Ġaoṫ Doḃair, abair agus Anagaire agus suas frío na Rosann agus na Cruaċa. Mar sin de tá ḟios ag Aire na Gaeltaċta ag gaḃáil a ḃaint gléas beaṫa as an ṗíosa beag talaiṁ atá acu. Aċ san am ċéanna tá an Ṗáipéar Bán ag cur ar a súile do ḋaoine gur féidir gléas beaṫa a ḃaint as na gaḃáltaisí seo agus go ḃfuil an Rialtas ag déanaṁ iarraċt fiuntaċ le caḃrú is cuidiú an Stáit a ṫaḃairt do na daoine atá i gceist.

Gan bunus

Is molaḋ bréige mar seo fá'n caḃar a deirtear atáṫar a ṫaḃairt don Ġaeltaċt a ḃeir an tuairim coitiánta frío Ḃéarlóirí go ḃfuil rud mór a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt agus go ḃfuil na milliún punt a ḋóirteaḋ isteaċ ins an Ġaeltaċt. Ní ṫiocfaḋ le Gaeilgeoirí seirḃís níos fearr a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt agus do ġluaiseaċt na Gaeilge i gcoitinne ná labairt amaċ go láidir, go soiléir agus go leanstanaċ fá dtaoḃ de seo agus a ċur ar a súile don ṗobal agus do Ḃéarlóirí na tíre go h-áiṫrid naċ ḃfuil ins an méid atá a ṫairiscint ag an Rialtas aċ suipeanna deontaisí agus léirce in ionad deiġleáil leis an ḃun rud, sé sin naċ ḃfuil muid agus naċ dtig a ḃeiṫ ag súil le gléas beaṫa mar ḟeirmeaċa a ḃaint as páistí beaga na Gaeltaċta agus mar sin de, go gcaiṫfear ḃeiṫ ag ḃraṫ ar Ṡaoṫrú Seasta a ċur ar fáil ⁊ a ċur ar fáil laiṫreaċ bun. Tá sé coṁ maiṫ againn ḃeiṫ cinte de sin. Is laiṫreaċ bun a ċaiṫfear an Saoṫrú Seasta seo a ċur ar fáil anois. Ní ṫiocfaḋ le duine ar biṫ a ġeallstan i gcionn dá ḃliain féin go mbéifí ábálta fiú aṁáin le Saoṫrú Seasta iomlán geallṫa go mbéifí ábálta an Ġaeltaċt a ṡáḃáil

Plean do Ḋún na nGall

Ċuir Muintir na Gaeltaċta plean do Ġaeltaċt Ḋún na nGall le ċéile agus ċuir siad faoi ḃráid an Rialtais agus an Taoisiġ é tá trí ná ceiṫre bliana ó ṡoin. Ḃí prionsabal leagṫa síos annsin agus plean gineárálta a ḃéarfaḋ Saoṫrú Seasta do ṗobal Ġaeltaċt Ḋún na nGall gan costas ró ṁór don Stát.

Amaidí

Ní ḟeicim go mbeaḋ feiḋm ar biṫ ná maiṫeas ar biṫ le dul isteaċ i mion ṗleananna ar ṡáḃáil na Gaeltaċta san am i láṫair. An rud a ċaiṫfeas muid a ḋéanaṁ cinnte soiléir daofa ná naċ ḃfuil sáḃáil na Gaeltaċta ins an Ṗáipéar Bán agus naċ ḃfuil aċ amaidiġ, agus deirim arís amaidiġ, ins na moltaí agus ins na cainteanna atá ins an Ṗáipéar Bán ag déanaṁ leiṫscéil ná cosaint ná ag deiṁniú an stáid mar atá. Sé an stáid mar atá ná go ḃfuil an Ġaeltaċt ar ḃealaċ an ḃáis agus ní ceart ligint don Ṗáipéar Bán a ċur ar a súile do Ḃéarlóirí na tíre go h-áiriṫe, dream naċ ḃfuil Muintir na Gaeltaċta ag déanaṁ poiblíoċta ar biṫ ina measc. go ḃfuil gaċ rud ceart go leor agus gaċ rud gur féidir a ḋéanaṁ a ḋéanaṁ ag an Rialtas. Is gnó agus cúram a ba ċóir a ḃeiṫ ar Ċonraḋ na Gaeilge agus ar na gluaiseaċtaí eile aṫ-ḃeoċainne an scéal sin a leiġeas agus an t-eolas fíor a ċur os coṁair ṗobal na h-Éireann.

MIANADÓIR.

Idir ḋá linn

Smaointe fánaċa ó Risteárd Ó Glaisne

Ní scríofaiḋ cuid ṁaiṫ scríḃneoirí aon ċeo don Ġúm, mar go ḃfuil ḟios acu go diaḃlaí maiṫ gur ionann é agus bás," dúirt Breandán Ó hEiṫir ar COṀAR an ṁí seo caite. "Ṫar éis an tsaoil ní sa Rúis atá cónaí orainn."

B'ḟéidir go gceapfá naċ ḃfuil ciall ar biṫ leis an ċaint sin, gur caint taodaċ í.

Más ionann é agus a rá naċ ḃfágfaḋ an Gúm mórán saoirse ag an scríḃneoir, tá fianaise san ċineál cainte a ċloisfeá san tsráidḃaile nó san ardċaṫair gur fíor é (cuiṁním ar scéalta faoi "Fánaí" le Seán Caoṁánaċ an Ċóta nó "Fiċe Blian ag Fás" le Muiris Ó Súilleaḃáin, mar ṡampla), aċ os a ċoinne sin lig luċt an Ġúim do Ṡeosaṁ Mac Grianna dul ag magaḋ orṫu i leaḃar a ċuir siad amaċ freisin —"Mo Ḃealaċ Féin."

Más ionann é, ar an taoḃ eile agus a rá gur bás don scríḃneoir drannaḋ leis an Ġúm toisc naċ ndéanann sé aon iarraċt ar fónaṁ ar a gcuid leabar a ċur timpeall na tíre, tá fianaise ár ndóṫain againn go ḃfuil sin fíor —agus ina ḋiaiḋ sin féin, caiṫfiḋ sé go ḃfuil díol mór ar leaḃair áiriṫe dá gcuid riaṁ ó foilsíoḋ iad de ḃrí naċ stocairí ná fógraíoċt aṁáin a ċuireann leaḃar táḃaċtaċ á ċeannaċ.

Is é is dóiċí gur ċuig rud eile atá Breandán, áfaċ. Is tuigṫe do ċuid ṁaiṫ daoine go dtiocfaḋ leis an Ġúm na foilsiṫeoirí príoḃáideaċa a ċrioġaḋ dá ḃfaiġfeaḋ sé an tacaíoċt ar fad ón Rialtas atá aige sin le taḃairt uaiḋ. Ṫiocfaḋ, gan aon aṁras. Caiṫfiḋ mé a rá go mbeaḋ iontas orm féin dá mb'ḟiú leis an Rialtas—le haon rialtas—a leiṫéid a ḋéanaṁ agus trioblóid ṁór a ṫarraingt ar a mullaċ, rud a ḋéanfaḋ siad, dar liom.

Bíoḋ sin mar atá, agus bíoḋ ciall le caint Ḃreandáin nó ná bíoḋ, má ṡeasann an méid a deir sé do ḋearcaḋ scríḃneoirí mar é féin a ḟéadfaḋ rud breá a ḋéanaṁ aċ cur ċuige, tá a ṫaḃaċt féin leis.

— — —

Deir léirṁeastóir clár telefíse an páipéir spioradúil úd naċ ḃfágann ag an Ġaeilge aċ cuid Ṗáidín den ṁeacain, "Irish Spotlight," go raiḃ eagartóir "Focus" agus eagartóir "Irish Spotlight" ar Ṫelefís Éireann i dteannta a ċéile ar feaḋ trí nóiméad i mí Lúnasa. Mise eagartóir "Focus" agus ní raiḃ mé ar Ṫelefís Éirinn ná in Éirinn i riṫ na míosa sin. Ḃí mo ċara, an Canónaċ Charley Gray-Stack, fear eagair na léirṁeasanna ar leaḃair ċreidiṁ.

Ó'n áit a ḃfuilim anseo san tSualainn ní mór liom dó go mbronnfaí ḃreise air — ná ní dóċa go músclóiḋ m'Eagartóir Gníoṁaċ, Wally Grey, callán faoi. Aċ taispeánann sé seo an sórt eolais atá ag cuid de na daoine atá ag scríoḃ san ṗáipéar beoga sin. Breaṫnaíonn an ċaint go hiontaċ mura mbíonn beagáinín eolais agat féin.

— — —

Litir ó ċara liom i mBaile Áṫa Cliaṫ — tráċt inti ar ("agus de réir dealraiṁ ceann bliantúil a ḃeiḋ ann") ċoirm Ċoṁaltas Ceoltóirí Éireann san Óstán Gresham:

"Níor ġalántaċt go dtí é. An t-Árd-Ṁaoir agus Airí Rialtais agus an Dr. Simms agus Dónall Ó Móráin agus Caṫal Ó Finnéadḋa agus Seán Ó Sioċáin, agus iad go léir gléasta suas le dicky-bows agus araile (ní raiḃ dicky-bow ar an Árd-Easbog, ar ndóiġ). Ba ṁór an faoiseaṁ é Deasún Breaṫnaċ gona léine ḋearg a ḟeiceáil . . .

"Má tá aon ċiall acu, fanfaiḋ siad glan amaċ ón nGresham feasta. Mar adúirt fear in aice liom "It had all the makins' of a good hooley, only it wasn't.' Agus an ceart aige. Ḃí an loċt céanna air agus a ḃí ar Ċlub an Oireaċtais san Ostán Iberneaċ anuraiḋ . . . easba atmoisféir — ḃeaḋ scannraḋ ar ḋuine cúpla béic a ligint in áit mar an Gresham. B'ḟéidir go gcaiṫfí amaċ tú, agus taréis 10s. a íoc. Sea, deiċ scilling! Ní haon iontas go ḃféadfaḋ siad cuireaḋ a ṫúirt dos na bocannaí móra ar fad.

Árd a' Ráṫ

Ar na mallaiḃ ṗill Pádraig Ó Baoill ar Aucland sa Nua-Ṡéalainn, taréis dó saoire dá ṁí a ċaiṫeaṁ ina ḃaile dúċais, **Árd a' Ráṫa.** Cainteoir dúċais Gaeilge é agus tá sé sár - oilte in oibriú seol fíodóireaċta láiṁe agus san ḟeirmeoireaċt. Ċaiṫ sé 27 bliain sa Nua-Ṡéalainn ⁊ ḃí sé ina ċoṁalta de Ċumann Éireannaċ ann a raiḃ sé de ċuspóir aige daoine a spreagaḋ ċun saoire a ġlacaḋ in Éirinn. Le linn dó a ḃeiṫ ar saoire in Árd a' Ráṫa ċuir sé an-spéis sa dul ċun cinn a ḃí déanta ag an tionscal bréid agus ċuaiġ feaḃas agus dea-eagar an tionscail mar a ċonaic sé é i Margaḋ an Ḃréidín in Árd a' Ráṫa go mór i gcionn air. Ṁol sé freisin feaḃas agus dul ċun cinn an tionscail eniotála agus ġeall sé go molfaḋ sé na hearraí sin dá ċairde sa Nua-Ṡéalainn.